



Polasaí Bí Cineálta

Tá Bord Bainistíochta Gaelscoil Adhamhnáin tar éis an pholasaí seo a ghlacadh chun iompar bulaíochta a chosc agus a láimhseáil. Comhlíonann an polasaí seo go hiomlán le riachtanais Bí Cineálta: Nósanna Idirbhearta chun Iompar Bulaíochta a Chosc agus a Láimhseáil do Bunscoileanna agus Ard-Scoileanna 2024.

Aithníonn an Bord Bainistíochta go gcuireann iompar bulaíochta isteach ar chearta an linbh mar atá leagtha amach i gCoinbhinsiún na Náisiún Aontaithe um Chearta an Linbh. Tá freagracht orainn uile, mar phobal scoile, oibriú le chéile chun iompar bulaíochta a chosc agus a láimhseáil agus dul i ngleic le tionchar diúltach an iompair sin.

Cheadaigh Éire Coinbhinsiún na Náisiún Aontaithe um Chearta an Linbh i Mí Mheán Fómhair 1992. Le sin déanta, gheallamar cearta leanaí a chur chun cinn, a chosaint agus a chomhlíonadh. Is ábhar cearta leanaí é bulaíocht.

Táimid go hiomlán tiomanta a chinntiú go gcoinnítear gach dalta a fhreastalaíonn ar ár scoil slán ó aon dochar, agus go bhfuil leas agus folláine ár ndaltaí ina lárphointe i ngach rud a dhéanaimid.

Aithnímid an tionchar diúltach is féidir le hiompar bulaíochta a imirt ar shaol ár ndaltaí, agus táimid lán-tiomanta do chosc agus do láimhseáil aon iompar bulaíochta.

Deimhnímid go nglacfaidh muid, de réir ár ndualgas faoi reachtaíocht na comhionannais, gach céim is féidir go réadúil chun ciapadh daltaí nó foirne a chosc ar aon cheann de na naoi bhun-fháth atá luaite leis an reachtaíocht sin: inscne, stádas sibhialta, stádas teaghlaigh, claonadh gnéasach, reiligiún, aois, míchumas, cine, agus ballraíocht den phobal lucht siúil.

Sainmhíniú ar Bhulaíocht

Tugtar sainmhíniú ar an mbulaíocht in Cineáltas: Plean Gníomhaíochta ar an mBulaíocht agus Bí Cineálta: Gnásanna chun Iompraíocht Bhulaíochta a Chosc agus Dul i nGleic léi do Bhunscoileanna agus d'Iar-bhunscoileanna mar

- Iompraíocht spriocdhírithe, ar líne nó as líne a dhéanann dochar.
- D'fhéadfadh an dochar a dhéantar a bheith fisiciúil, sóisialta agus/nó mothúchánach.
- Leanann iompraíocht bhulaíochta ar aghaidh thar thréimhse ama agus bíonn neamhchothroime cumhachta i gceist ann sa chaidreamh idir beirt nó grúpaí daoine sa tsochaí
- Is iompar d'aon ghnó é agus nach dteastaíonn. Ní iompar de thimpiste ná meargánta é.

Is féidir leis an dochar a bheith:

- Fisiciúil: (m.sh. gortú pearsanta, damáiste nó caillteanas maoiné)
- Sóisialta: (m.sh. tarraingt siar, uaigneas, eisiámh)
- Mothúchánach: (m.sh. féinmheas íseal, dúlagar, imní)

Ní iompraíocht bhulaíochta é cás aonuaire d'iompar diúltach i leith mac léinn. Mar sin féin, is féidir teachtaireacht ghoilliúnach aonair a chuirtear ar na meáin shóisialta a mheas mar iompraíocht bhulaíochta toisc go bhféadfadh sí a bheith le feiceáil ag lucht féachana leathan agus go bhfuil seans ard ann go roinnfear í arís agus arís eile agus dá bhrí sin go n-éiríonn sí ina hiompar athchleachtach.

Iompar nach iompraíocht bhulaíochta é:

Mura bhfuil an dochar athchleachtach fíor don dalta atá ag fulaingt an iompair, ach mura bhfuil sé beartaithe ag an dalta eile, ní bulaíocht í seo, ach, go háirithe, ní mór aghaidh a thabhairt uirthi faoi chód iompair na scoile.

D'fhéadfadh deacrachtaí cumarsáide sóisialta a bheith ag roinnt daltaí a bhfuil riachtanais speisialta oideachais acu a d'fhéadfadh a chur orthu a gcuid riachtanas a chur in iúl trí iompraíochtaí a d'fhéadfadh dochar a dhéanamh dóibh féin nó do dhaoine eile. Tá sé tábhachtach a thabhairt faoi deara nach bhfuil na hiompraíochtaí seo d'aon ghnó ná pleanáilte, ach i gcásanna áirithe, is freagairt uathoibríoch iad nach féidir leo a rialú.

Ní mheastar easaontas idir daltaí mar bhulaíocht mura mbaineann iarrachtaí d'aon ghnó agus arís agus arís eile leis an acair a chur faoi deara, eisiámh nó míghnói a chruthú i measc daoine eile.

Cineálacha Bulaíochta:

Tá mórán modhanna éagsúla ina léirítear iompraíocht bhulaíochta agus ina measc sin tá bulaíocht fhisiciúil, bulaíocht ó bhéal agus bulaíocht a bhaineann le caidreamh agus is féidir léi tarlú ar líne nó as líne. Is iomaí cuspóir éagsúil atá le hiompraíocht bhulaíochta freisin agus is féidir iad sin a thuiscint ar an

leibhéal aonair (mar shampla, ag iarraidh a bheith ceannasach, stádas, díoltas) agus/nó ar leibhéal na sochaí (mar shampla, bulaíocht bunaithe ar fhéiniúlacht amhail bulaíocht chiníoch, mhíchumais, ghnéasaíoch nó LADTA+) Is minic a bhíonn tionchar láidir ag meonta, iompraíochtaí, nósanna imeachta agus dinimic chumhachta atá fréamhaithe go domhain inár sochaí ar iompar bulaíochta inár sochaí.

1. Iompraíocht bhulaíochta díreach:

- Iompraíocht bhulaíochta fisicúl: San áireamh sa bhulaíocht fhisiciúil, tá scoláirí a bhrú, a shoncáil, a chiceáil, a phriocadh agus cor coise a chur iontu. Is féidir le hiompraíocht bhulaíochta a bheith dírithe ar mhaoin phearsanta.
- Iompraíocht bhulaíochta ó bhéal: glaoch ainmneacha ar bhonn leanúnach atá dírithe ar scoláire agus a ghortaíonn, a mhaslaíonn nó a náiríonn an scoláire
- Scríofa - nótaí, pictiúirí
- Scracadh: Bíonn scracadh i gceist nuair a fhaightear rud éigin i lámh láidir nó le bagairt.

2. Iompraíocht bhulaíochta indíreach:

- Eisiamh: Tarlaíonn iompraíocht bhulaíochta eisiata nuair a dhéanann scoláire nó scoláirí scoláire eile a aonrú, a eisiamh nó neamhaird a thabhairt air/uirthi in aon turas ar bhonn leanúnach.
- Caidrimh: Tarlaíonn iompraíocht bhulaíochta caidrimh nuair a dhiúltaítear ar bhonn leanúnach d'iarrachtaí a dhéanann scoláire bualadh le piaraí agus caidreamh a bhunú leo nó nuair a bhaintear de na hiarrachtaí sin.

3. Iompraíocht bhulaíochta ar líne:

Déantar iompraíocht bhulaíochta ar líne (cibearbhulaíocht) trí fheidhm a bhaint as:

- teicneolaíochtaí faisnéise agus cumarsáide amhail téacsanna nó teachtaireachtaí díreacha/meandracha, ardáin na meán sóisialta, ríomhphost, aipeanna, suíomhanna cluichíochta digiteacha, consóil chluichíochta, seomraí comhrá agus teicneolaíochtaí eile ar líne. Teachtaireachtaí nó íomhánna gránna, maslacha, tarcaisneacha agus/nó bagracha a sheoladh nó a roinnt le teachtaireachtaí téacs, ríomhphost, teachtaireachtaí díreacha nó suíomhanna gréasáin nó aipeanna eile
- eolas a mheastar a bheith pearsanta, príobháideach agus íogair a phostáil gan chead

- próifílí bréagacha a chruthú ar líonra sóisialta agus/nó a bheith páirteach iontu chun scoláirí eile a phearsanú agus/nó a náiriú
- rochtain scoláire ar ghrúpaí comhrá ar líne, ar chuntais nó ar chluiche ar líne a eisiamh nó a bhac in aon turas

	Date Consulted	Consultation
Foireann Scoile	Feabhra 2025	Leath lá inseirbhíse Cruinnithe foirne - comhrá bunaithe ar an pholasaí Bí Cineálta agus na nithe atá ag éirí as. Doiciméid agus clár ar-líne roinnte leis an fhoireann
Scoláirí	Aibreáin 2025	Lion daltaí na scoile ceistneoir a bhí cumtha ag Muinteoir Pól agus rinne muid iniuchadh ar na freagraí a tháinig ar ais chugainn tríd Google forms.
Tuismitheoirí	Bealtaine 2025	Lion tuismitheoirí na scoile ceistneoir a bhí cumtha ag Muinteoir Pól agus rinne muid iniuchadh ar na freagraí a tháinig ar ais chugainn tríd Google forms. Tugadh achoimre do choiste na dtuismitheoirí
Bord Bainistíochta	Bealtaine 2025	Polasaí Bí Cineálta roinnte leis na baill. Cuirfear an polasaí os comhair an Bhoird chun é a údarú ag an chéad cruinniú Boird i Meán Fomhair 2025
Dáta údarú an pholasaí	September 2025	
Dates policy was reviewed		

Ag deileáil le cásanna bulaíochta

Baineann Gaelscoil Adhamhnáin úsáid as an treoir agus na doiciméad i nGaeilge atá ar fáil ag antibullyingcampaign.ie chun cásanna a iniúchadh agus a réiteach. Tá na doiciméid uilig in oifig an phríomhoide agus tá siad ar fáil do na múinteoirí. Tá na doiciméad le feiceáil sa pholasaí seo faoi Aguisín 1.

Sínithe:

Derval Newman (Cathaoirleach) 14-06-2025

Colm Breathnach (Príomhoide) 14-06-2025

Gaelscoil Adhamhnáin

Feachtas Frithbhulaíochta



Bunscoileanna

Lámhleabhar 2

**Treoir leis na leathanaigh maidir le déileáil le
heachtraí/cásanna
ina bhféadfadh bulaíocht bheith i gceist**

Cé go bhféadfadh tuairisc thosaigh ar eachtra ina bhféadfadh bulaíocht bheith i gceist teacht ó bhall foirne, ó dhalta nó ó thuismitheoir, bíonn feachtas frithbhulaíochta éifeachtach ag brath go mór ar eolas a thugann páistí maidir lena bhfuil ar siúl i ndáiríre, cé chomh fada is atá sé ar siúl, cé atá páirteach agus céard atá siad a dhéanamh. Nuair a tharlaíonn bulaíocht, bíonn daltaí eile i láthair beagnach i gcónaí. Ach, ag brath ar an dearcadh atá ag daltaí, tá seans ann nach dtabharfar an t-eolas sin, go háirithe más dócha go gcuirfear pionós géar orthu siúd a bhí páirteach. Ar chúiseanna éagsúla, ní maith le daltaí sceitheadh ar dhaltaí eile agus iad a chur i dtrioblóid. Samplaí de na cúiseanna sin ná cairdeas, dílseacht nó fiú eagla go mbainfí díoltas amach. San am atá caite rinne roinnt scoileanna suirbhéanna gan ainm agus iad ag iarraidh an fhadhb sin a shárú, ach is minic nach féidir brath ar eolas a fhaightear ar an gcaoi sin agus, más gá úsáid a bhaint as an eolas níos déanaí, ní bhíonn sé chomh héifeachtach céanna le ceistneoirí sínithe. Ina theannta sin, ní féidir iad siúd a thugann eolas maith a shainaithint ó shuirbhéanna gan ainm agus iad a chur faoi agallamh os íseal níos déanaí chun tuilleadh eolais a lorg.

Nuair a thuairiscítear eachtra bulaíochta, is é an réiteach ná déileáil leis mar chás ina bhfuil duine éigin (an té atá ag déanamh na bulaíochta) ag déanamh rud éigin mícheart trí thimpiste agus nach bhfuil le déanamh ach é sin a cheartú, ach gur gá é sin a dhéanamh go práinneach. Ní mór na sonraí cruinne a fháil amach le cabhair ó dhaltaí eile agus ansin le comhoibriú iomlán ón té atá ag déanamh na bulaíochta, anois atá a fhios aige/aici go bhfuil a rás rite. Ansin ní mór a chur i gcuimhne don té atá ag déanamh na bulaíochta cé chomh mór is atá an damáiste a dhéanann an t-iompar bulaíochta, cé chomh mór is a ghoilleann sé ar dhaoine, cé chomh héagothrom is atá sé agus nach féidir glacadh leis. Ansin iarrtar air/uirthi gealltanais sollúnta a thabhairt go stopfaidh sé/sí. Má thugtar an gealltanais sin agus má chomhlíontar é, baintear amach an toradh is fearr ar fad. An dalta a bhí ina sprioc, is féidir leis/léi bheith ag tnúth le saol níos sona ó tharla go bhfuil a fhios aige/aici go bhfuil deireadh leis an mbulaíocht. Tá ceacht tábhachtach foghlamtha ag an té a rinne an bhulaíocht ach ní

náirítear é/í ná ní chuirtear milleán ná pionós air/uirthi – botún a bhí ann tar éis an tsaoil – agus tugtar idir dheis agus fhreagracht dó/di toradh dearfach a chur ar fáil. Sa chomhthéacs seo is beag an seans go mbeidh fonn díoltais ar an té a bhí ag déanamh na bulaíochta. Toradh maith atá ann do gach duine lena mbaineann sé, na daltaí a chuir eolas ar fáil i gcaitheamh an fhiosrúcháin san áireamh.

Rud atá ríthábhachtach ná go measann an chuid is mó de dhaltaí go dtugann an cur chuige seo cothrom na Féinne do gach duine. Sa chomhthéacs seo, bíonn a fhios acu go bhfuil an rúndacht cinnte agus aithníonn siad cé chomh maith is atá an cur chuige "Athrú seachas Milleán". Dá bhrí sin, bíonn cuid acu sásta comhoibriú leis an bpróiseas seo agus eolas úsáideach a thabhairt i suirbhéanna sínithe. Agus iad á dhéanamh sin, bíonn a fhios acu nach ag cur aon duine i dtrioblóid atá siad ach ag saoradh an té a rinne an bhulaíocht agus an dalta a bhí ina sprioc ó thrioblóid – bainfear leas as a gcuid eolais chun teacht ar réiteach seachas chun pionós a chur ar aon duine. Cuireann sé sin ar a gcumas, le tacaíocht ón snáithe den Fheachtas Frithbhulaíochta a bhaineann le múscailt feasachta, iad féin a shamhlú leis an bpróiseas fiosrúcháin agus leis an mbeartas scoile nach féidir glacadh leis an mbulaíocht agus go bhfuil freagracht orthu dul i ngleic léi.

CÉIM 1 – CHUN TAIFEAD A DHÉANAMH AR THUAIRISC AR BITH AR BHULAÍOCHT MAR AON LEIS AN DUL CHUN CINN Ó THAOBH DÉILEÁIL LÉI.

Nuair a fhaightear tuairisc go bhfuil bulaíocht á déanamh ar dhalta, nó go bhféadfadh bulaíocht bheith á déanamh ar dhalta, ní mór suirbhé a dhéanamh láithreach ar an mbliainghrúpa ábhartha ar fad. Cosnaíonn sé seo foinse an eolais ó aon chineál frithbheartaíochta nó bulaíocht bhreise ó tharla go bhféadfadh an t-eolas bheith tagtha ó dhuine ar bith a rinne an suirbhé. Agus é/í i mbun an tsuirbhé, is féidir le ball na foirne a chur in iúl go bhfuil imní ar "roinnt múinteoirí ...", "... go bhféadfadh sé go bhfuiltear ag caitheamh go héagothrom nó go dímheasúil le duine éigin sa rang seo . . .". Ba cheart na deasca a scaradh óna chéile le haghaidh an chleachtaidh seo, mar a dhéantar i gcás scrúduithe, ionas nach bhfeicfidh daltaí a bhfuil á scríobh ag daltaí eile. Ba chóir iarraidh ar na daltaí gach ceistneoir atá líonta isteach a iompú béal faoi ar an deasc láithreach ionas nach bhfeicfidh aon duine a bhfuil scríofa orthu. Tá gach rud a scríobhtar ina rún idir an té a scríobh é agus an fhoireann frithbhulaíochta, ach amháin má dheachtaíonn ordú dlí a mhalairt. Ní bhíonn fáil ag aon dalta ná ag an gCeann Bliana ná ag an bPríomhoide ná ag an mBord Bainistíochta ar an eolas sin má thugann aon duine, a bhfuil sé scríofa go raibh baint aige/aici le bulaíocht, gealltanais go n-éireoidh sé/sí as an mbulaíocht agus an gealltanais sin a chomhlíonadh. Ar bhonn riail seo na rúndachta agus lena chinntiú go mbeidh cosaint ag gach foinse eolais, nuair a bhíonn daoine a rinne bulaíocht faoi agallamh níos déanaí, níor chóir a rá leo go brách cé mhéad ceistneoir inar luadh iad ná cé a thuairiscigh an bhulaíocht i dtosach. Ní gá rud ar bith a rá leo ach amháin a leithéid seo: "de réir an tsuirbhé bhí tú ..." nó "is éard atá na daltaí a rá sa suirbhé ná go raibh tú ..."

Foirm Tuairisce na hEachtra: Foirm chun tuairisc a thabhairt ar eachtra atá ar **Lch 1 (a)**. Úsáidtear í sin i gcónaí nuair a thuairiscítear bulaíocht do bhall na foirne frithbhulaíochta. Más ball foirne a thug an tuairisc, iarrtar air/uirthi an fhoirm seo a líonadh agus í a thabhairt do bhall den fhoireann frithbhulaíochta, an comhordaitheoir go hiondúil. Más dalta, tuismitheoir nó duine eile a thug an tuairisc, líonann ball na foirne frithbhulaíochta an fhoirm seo. Ba chóir go mbeadh fáil go réidh ar na foirmeacha seo ó bhosca oscailte sa seomra foirne. Samplaí den sórt eolais a d'fhéadfadh bheith ar fhoirm atá líonta isteach ná lá agus dáta na heachtra, ainmneacha na ndaoine a

rinne an bhulaíocht nó a ndearnadh an bhulaíocht orthu, ainm an duine a thug an tuairisc, sonraí tosaigh na heachtra agus ainmeacha daoine eile a bhí ann. Ní mór fiosrúchán iomlán a dhéanamh i gcás gach 'Foirm Tuairisce na hEachtra' a líontar isteach.

An fhoirm le haghaidh bearta a rinneadh: Foirm atá ar **Lch 1 (b)**, ar a ndéanann ball den fhoireann frithbhulaíochta taifead gearr ar dhul chun cinn fiosrúcháin. Is fearr é sin a dhéanamh de réir mar a tharlaíonn sé. Is iondúil go mbíonn na foirmeacha seo cóipeáilte ar chúl *Foirm Tuairisce na hEachtra* roimh ré. Nuair atá fiosrúchán thart agus an cás réitithe go hiomlán, críochnaíonn an ball foirne an fhoirm seo faoi dheireadh agus cuireann sé/sí a (h)ainm léi.

CÉIM 2 – NA FÍRICÍ A FHÁIL AMACH

Eolas roimh shuirbhé ranga: Baintear úsáid as **Lch 2 (a)**, nó as an gcuid de atá faoi chló trom, roimh shuirbhé i gcónaí, suirbhé a bhaineann leis an mbulaíocht trí chéile nó suirbhé a bhaineann le heachtra(i) faoi leith. Leagann sé amach comhthéacs na ngníomhaíochtaí ar fad atá mar chuid den fheachtas leanúnach frithbhulaíochta sa scoil – ní féidir glacadh le bulaíocht de chineál ar bith agus ní mór stop a chur léi. Leagann sé béim ar an meas mar ghné lárnach den bhealach ceart le caitheamh le daoine eile. Is gné lárnach é an meas de na cleachtaí múscaillte feasachta ar ár suíomh gréasáin chomh maith céanna. An rud is tábhachtaí ná go gcinntíonn sé cur chuige "Athrú seachas Milleán" – nuair a fhaightear amach go bhfuil baint ag daltaí áirithe le hiompar bulaíochta, iarrtar orthu gealltanais a thabhairt go stopfaidh siad agus, má dhéanann siad é sin agus má chomhlíonann siad an gealltanais, ní chuirtear aon phionós orthu. Sa chomhthéacs seo ní ag cur daoine i dtrioblóid atá daltaí a thuairiscíonn bulaíocht ná ní ag sceitheadh ar a chéile atá siad ach a mhalairt ar fad – daoine a bheadh i dtrioblóid níos déanaí, ní bheidh siad i dtrioblóid mar gheall air seo. Dealraíonn sé go dtugann an cur chuige seo an seans is fearr ar eolas iontaofa a fháil sa suirbhé ina dhiaidh seo.

Ceistneoir: Suirbhé Rialta Ranga: Ceistneoir le síniú atá ar **Lch 2 (b)**. Tá an ceistneoir seo le húsáid le rang-ghrúpa nó le bliainghrúpa bíodh sé ar eolas go bhfuil bulaíocht ar siúl nó ná bíodh, nó bítear in amhras go bhfuil bulaíocht ar siúl nó ná bítear, áit nach bhfuil aon eachtra faoi leith tar éis tús a chur le fiosrúchán. Cuirtear i gcuimhne do dhaltaí nach gcuirfear pionós

orthu siúd a bhí i mbun iompar bulaíochta ar an gcoinníoll go dtugann siad gealltanas go stopfaidh siad agus go gcomhlíonann siad an gealltanas sin. Sa cheistneoir seo tá seans ag daltaí é a chur in iúl má tá bulaíocht á déanamh orthu féin nó ar dhaoine eile, agus a rá cé atá á déanamh. Ina theannta sin, is féidir leo daltaí a bhfuil a fhios acu céard atá ar siúl a ainmniú agus, más gá, is féidir iarraidh ar aon duine a ainmnítear anseo comhthacaíocht a thabhairt níos déanaí. Tugtar deis dóibh siúd a bhí i mbun bulaíochta an méid a rinne siad a admháil agus a fhios acu nach gcuirfear aon phionós orthu má éiríonn siad as an mbulaíocht. Má admhaíonn siad é sin, is iondúil go gcuireann siad in iúl go mbíonn siad páirteach "uaireanta" fiú má bhíonn siad páirteach "go minic" ach cuireann an admháil de cheangal orthu gealltanas a thabhairt go stopfaidh siad agus cloí leis – an toradh is fearr ar fad.

Foirm: Gealltanas maidir le páirt a ghlacadh: Is féidir úsáid a bhaint as **Lch 2 (c)** tar éis d'eachtra bulaíochta ar leith a bheith réitithe más léir go raibh an méid a bhí ar siúl an-soiléir ach, mar sin féin, nár admhaigh roinnt daltaí sa bhunsuirbhé ranga go raibh a fhios acu faoi. Má tharlaíonn sé sin, tharlódh gurb é is cúis leis ná go raibh páirt ghníomhach ag na daltaí eile seo sa bhulaíocht ó am go chéile, go raibh siad ag gáire fad is a bhí an bhulaíocht ar siúl, nó gur thacaigh siad leis an mbulaíocht ar bhealaí eile. Tharlódh gurb é sin a bhí i gceist ag daltaí a scríobh "gach duine sa rang" nuair a fiafraíodh díobh sa bhunsuirbhé cé a bhí páirteach. Ní mór an cás seo a réiteach. Mura réitítear é, beidh cultúr seo na bulaíochta fós beo sa ghrúpa ranga agus beidh baol ann go leanfar den bhulaíocht agus duine éigin eile ina cheann feadhna.

Tugann an fhoirm seo deis do gach duine sa rang le chéile, i dtimpeallacht "Athrú seachas Milleán", é a admháil má chuir siad tús leis an mbulaíocht nó má ghlac siad páirt inti, a rá go raibh sé sin mícheart agus gealltanas a thabhairt nach gcuirfidh siad tús le bulaíocht ná nach nglacfaidh siad páirt inti go brách arís. Ba chóir don bhall foirne a rá go bhfuil sé soiléir anois cén dalta a raibh bulaíocht á déanamh air/uirthi, glacadh leis go bhfuil a fhios ag gach duine faoin gcás seo anois agus ainm an dalta a bhí ina sprioc a chur isteach sa spás atá curtha ar fáil ar an bhfoirm. Iarrtar ansin ar gach dalta an fhoirm a líonadh isteach go macánta agus gealltanas a thabhairt nach nglacfaidh siad páirt sa bhulaíocht go brách arís trí "Geallaim" a scríobh sa bhosca cuí. Má chomhlíontar an gealltanas sin, tugtar pardún do dhaltaí a bhí páirteach, ní gá iad a chur faoi agallamh agus

ní gá go bhfeicfeadh na foirmeacha sin solas an lae go brách arís.

Is iondúil go n-admhaíonn níos mó daltaí gur ghlac siad páirt sa bhulaíocht ná mar a admhaíonn gur chuir siad tús léi. Is iondúil go n-admhaíonn níos mó daltaí go ndearna siad é seo "uaireanta" ná mar a admhaíonn go ndearna siad "go minic" é. Is í an admháil atá tábhachtach, áfach, seachas cruinneas na hadmhála. Tuigeann na daltaí go léir go bhfuil a fhios acu ar fad anois céard a bhí ar siúl, go raibh sé mícheart, nach gceadófar leanúint ar aghaidh leis agus go bhful deis acu anois gealltanais dearfach a thabhairt agus bogadh ar aghaidh gan aon phionós. Sa timpeallacht "Athrú seachas Milleán", níor chóir go mbeadh aon tionchar diúltach ag an gcleachtadh seo ar an dalta a bhí ina sprioc, go háirithe má cháineann an comhordaitheoir frithbhulaíochta go bog í/é as ucht gan an méid a bhí ar siúl a thuairisiciú (cibé acu a rinne sí/sé é sin nó nach ndearna) nó as ucht a bheag a dhéanamh de agus, ar an gcaoi sin, ligean dó leanúint ar aghaidh. Is féidir a mhíniú do na daltaí eile go léir gur dócha gur cheap siad ag an am nach raibh a n-iompar chomh tromchúiseach is a bhí mar gheall air sin, ach gur léir do chách anois cé chomh mícheart is a bhí sé agus, dá bhrí sin, go gcaithfear stop a chur leis. Is iondúil go n-admhaíonn líon suntasach daltaí ag an bpointe seo gur ghlac siad páirt éigin sa bhulaíocht agus is iondúil go dtugann gach duine sa rang gealltanais nach nglacfaidh siad páirt ina leithéid de ghníomhaíocht go brách arís. Agus iad á dhéanamh sin tá siad ag cur tús le caighdeán nua ina ngrúpa ranga – go bhfuil sé ceart go leor gan bulaíocht a dhéanamh ar an duine. Beidh a fhios acu i gcúl a gcinn, áfach, dá mbrisfidís an gealltanais seo, go gcaithfí leis sin ar an gcaoi chéanna le gealltanais aonair a bhrisfí, le hiarmhairtí tromchúiseacha dóibh siúd a dhéanfadh a leithéid.

Foirm: Tuairisc ó Dhuine a Chonaic Eachtra: Ní bhaintear úsáid as **Lch 2 (d)** ach ó am go chéile, chun sonraí faoi eachtra a fháil ó dhaltaí ar scríobhadh síos, i gceann de na suirbhéanna eile b'fhéidir, go raibh siad i láthair nuair a tharla an eachtra. (Nuair a insíonn siad cé eile a bhí i láthair, is minic go n-ainmníonn siad, de thaisme, an duine a luaigh go raibh siad féin ann.) Baintear leas, de ghnáth, as a dtuairisc chun comhthacú lena ndúradh / a léiríodh i suirbhé.

Foirm: Agallaimh Aonair Lán-ranga: Is annamh a bheadh gá le **Lch 2 (e)** a úsáid ach, mar sin féin, b'fhéidir go mbeidh gá leis uair éigin in ainneoin cleachtaí leanúnacha múscailte feasachta

agus athraithe cultúir. D'fhéadfadh sé sin tarlú, mar shampla, nuair atá a lán cairde nó tacaithe sa ghrúpa ag an duine atá ag déanamh na bulaíochta, nó nuair nach bhfuil cairde ná tacaithe sa ghrúpa ag an dalta atá ina sprioc, nó nuair a thuigeann daoine sa rang go bhfuil sé/sí i mbun bulaíochta arís agus, dá bhrí sin, go bhféadfaí pionós a chur air/uirthi. Bíonn an modh seo úsáideach mura dtugann an gnáthshuirbhé dóthain comhthacaíochta le go bhféadfaí déileáil go héifeachtach leis an gcás. Cuireann ceathrar, ar a laghad, ón bhfoireann frithbhulaíochta agallamh gearr dírithe gan choinne ar gach duine sa ghrúpa ranga, in aon tréimhse amháin 40 nóiméad ionas nach mbeidh deis acu dul i gcomhairle lena chéile ná freagraí a réamhullmhú. Ba chóir na ceisteanna ar an mbileog seo a chur in oiriúint roimh ré don chás bulaíochta atá i gceist. Gach seans go dtiocfaidh torthaí as seo.

Don fhoireann: Foláireamh maidir le daltaí i mbaol: Foirm inoiriúnaithe atá ar **Lch 2 (f)**, foirm ina n-iarrtar ar bhaill foirne eolas a thabhairt faoi dhaltaí áirithe a gceaptar go bhfuil bulaíocht á déanamh orthu. Is féidir leagan den fhoirm seo, a choinnítear ar ríomhaire sa seomra foirne, a athrú agus a phriontáil amach faoi ghearrfhógra chun bheith in oiriúint do chás ar bith a thagann chun cinn (mar shampla, má bhíonn imní ann faoi dhalta amháin). An éifeacht atá ag an bhfoirm seo ná go mbíonn baill foirne "ag faire amach" do na daltaí atá i gceist. Fágtar cóip ar sheilf gach baill foirne agus cuirtear an t-aiseolas ar ais ar sheilf an chomhordaitheora frithbhulaíochta. Má fhaightear aiseolas faoi dhalta ó bhall foirne, iarrtar ar an mball foirne sin 'Foirm Tuairisce na hEachtra' a líonadh isteach chun cabhrú leis an bhfiosrúchán (atá faoi lán seoil cheana féin). Tá sé de bhuntáiste ag an nós imeachta seo freisin gur féidir, nuair a bheidh an cás réitithe, fiafraí den bhall foirne sin i gcaitheamh na seachtainí ina dhiaidh sin cén chaoi a bhfuil an dalta ag réiteach leis na daltaí eile sa rang ag an bpointe sin agus cé acu a tharla an bhulaíocht arís nó nár tharla. Is minic a bhíonn na baill foirne sin níos airdeallaí ina dhiaidh sin ó thaobh féachaint ar iompar na ndaltaí ar eagla go mbeadh bulaíocht ar siúl, rud a chuireann leis an gcur chuige sa scoil uile atá riachtanach le go mbainfeadh na daltaí an tairbhe is fearr as feachtas frithbhulaíochta.

Don fhoireann: Foláireamh maidir le teannas idir daltaí: Ar **Lch 2 (g)** iarrtar ar bhaill foirne eolas a thabhairt faoi theannas idir daltaí ainmnithe. Iarrtar ar bhaill foirne a thuairiscíonn gur thug siad teannas den sórt sin faoi deara *Foirm Tuairisce na*

hEachtra a líonadh isteach agus í a thabhairt ar ais do bhall den fhoireann frithbhulaíochta. Is féidir leas a bhaint as an bhfoirm ansin chun cabhrú le fiosrúchán. Is féidir úsáid a bhaint aisti tamall tar éis don chás bulaíochta a bheith réitithe freisin le fáil amach ar tharla an bhulaíocht arís nó an bhfuil aon drochmhothú fós ann mar thoradh uirthi.

Don fhoireann: Foláireamh maidir le dalta a bhfuil bulaíocht á déanamh air: Is féidir úsáid a bhaint as **Lch 2 (h)** chun iarraidh ar an bhfoireann bheith "ag faire amach" do dhalta a bhfuil sé ar eolas go ndearnadh bulaíocht air/uirthi agus a bhfuil baol ann go ndéanfar bulaíocht arís air/uirthi. Mar shampla, má bhí baint ag líon mór daltaí leis an mbulaíocht agus murar déileáladh ach le cuid acu, b'fhéidir go dtapóidh daltaí eile an deis chun leanúint den bhulaíocht "thar ceann" nó "in éagmais" a gcarad a d'éirigh aisti. Is féidir le fógra foirne den sórt sin srian a chur ar dhaltaí dá leithéid mar go mbeadh an fhoireann níos airdeallaí i ndáil leis an dalta atá ina sprioc. Níor mhaith an rud é an fógra seo a fhágáil ar chlár na bhfógraí sa seomra foirne mar go bhféadfadh cuairteoirí iarscoile ainm an dalta a fheiceáil.

CÉIM 3 – DALTA A BHFUIL BULAÍOCHT CURTHA INA LEITH A CHUR FAOI AGALLAMH

Bileog agallaimh maidir le bulaíocht atá curtha i leith dalta: Baintear úsáid as **Lch 3 (a)** nuair a bhíonn dalta a bhfuil bulaíocht curtha ina leith á chur faoi agallamh. Is iondúil go mbíonn a lán eolais ag baill na foirne frithbhulaíochta cheana féin faoin am a ndéantar an t-agallamh seo. Ní mór dóibh intinn oscailte a bheith acu, áfach, óir ní mar a shíltear a bhítear. Tógtar an dalta amach as an rang le haghaidh an agallaimh, rud a threisíonn tromchúis an agallaimh. Ní bhíonn ach ball foirne amháin ag cur agallaimh ar an dalta de ghnáth ach, i gcásanna atá thar a bheith tromchúiseach nó más dócha nach mbeidh dalta sásta comhoibriú, is féidir leis an dara ball foirne bheith i láthair mar bhreathnóir. Má bhíonn an dara duine ann, ba cheart don scoil cinneadh a dhéanamh maidir le ball foirne baineann amháin, ar a laghad, a bheith i láthair. Bíonn Suaitheantas na Scoile ar na bileoga agallaimh a úsáideann an t-agallóir – tá an dalta á chur faoi agallamh thar ceann na scoile uile. Comhoibríonn an dalta go iomlán sa timpeallacht seo de ghnáth.

Dearbhaítear don dalta, dá mbeadh bulaíocht á déanamh air/uirthi, go mbeadh údar na bulaíochta sin faoi agallamh anois.

Ansin tugtar deis dóibh, ar bhealach indíreach, a admháil gur chaith siad go dímheasúil le dalta eile agus is féidir leo é sin a admháil ag an bpointe seo. Má dhéanann siad é sin, tugtar cuireadh dóibh ansin a rá cén chaoi ar chaith siad go dímheasúil leis an dalta eile sin. Ní thugann siad mórán cineálacha sonracha iompair de ghnáth agus, ar chuma ar bith, casann an t-agallóir go dtí Lch 3 (b), *Seicliosta ar Iompar Bulaíochta*, chun léargas níos cruinne a fháil ar an méid a bhí ag tarlú. Ag an bpointe seo deirtear leis an dalta go n-iarrfar orthu ag deireadh an agallaimh gealltanais a dhéanamh agus a chomhlíonadh agus, má dhéanann siad é sin, nach mbeidh aon phionós i gceist. Mura mbíonn siad macánta agus iad ag dul tríd an seicliosta, áfach, ní fhéadfaí muinín a chur i ngealltanais den sórt sin agus ní bheadh an dara rogha ann ach an cur chuige "Athrú seachas Milleán" a chaitheamh i leataobh agus an cás a chur faoi bhráid an Phríomhoide. I bhfianaise an tsoiléirithe sin, is iondúil go mbíonn an dalta sásta comhoibriú leis an agallóir. Nuair atá sé sin críochnaithe, filleann an t-agallóir ar Lch 3 (a) agus iarrann ar an dalta cén fáth a raibh sé/sí ag caitheamh leis an dalta eile ar an gcaoi sin. Is é an freagra a thugann an dalta de ghnáth ná "níl a fhios agam". Is dócha go bhfuil sé sin fíor ar an mórgóir mar go mbíonn na cúiseanna a ndéanann daoine bulaíocht ar dhaoine eile casta. Freagraí eile atá coitianta go leor ná "cuireann sé isteach orm" nó "ní réitimid lena chéile" nó "ní maith liom é" nó "chaith seisean go dona liomsa ar dtús". Tá an dalta tar éis seicliosta fairsing a líonadh isteach agus tá seans ann gur admhaigh siad go raibh siad i mbun roinnt mhaith cineálacha éagsúla bulaíochta. Anois teastaíonn ón agallóir a fhios a bheith aige/aici go dtuigeann an dalta i gceart cé chomh mór is a ghoilleann an t-iompar sin ar dhuine agus cé chomh mícheart is atá sé ionas gur féidir leo gealltanais dílis a thabhairt go stopfaidh siad. B'fhéidir nach ndéanfaidh sé aon mhaith bheith ag iarraidh dáimh a mhúscailt mar go bhfuil seans ann gur fíorbheagán dáimhe atá ag bulaí. Ach an sampla a bhaineann le máthair an dalta a úsáid, beidh seans maith ann freagra a mhúscailt atá bunaithe ar dhílseacht éigin, ar chomhbhá éigin, nó fiú ar ghrá. Duine nach bhfuil dáimh aici/aige le duine ar bith eile ar domhan, b'fhéidir fós féin go mbeidh dáimh aici/aige lena mháthair agus go mbeidh sí/sé in ann a chur in iúl go soiléir cén chaoi a mothódh máthair dá gcaithfí léi ag an obair sa tsli a raibh sise/seisean ag caitheamh leis an dalta eile ar scoil. Is iondúil go mbaineann siad úsáid as focail ar nós "corraithe", "fearg", "brón" agus is féidir leis an

agallóir tuilleadh ceisteanna a chur ar nós "an ndéanfaidh sí é a thuairisciú dá bainisteoir?" nó "an mbeadh sí ag iarraidh éirí as a post?" nó "an gcuirfeadh sé sin isteach uirthi?" B'fhéidir go mbeidh siad in ann a chur in iúl go macánta ansin go mbeadh an-fhearg orthu féin dá bhfeicfidís a leithéid. Is féidir leo a admháil anois go dtuigeann siad cé chomh héagothrom is atá sé caitheamh le duine eile ar an gcaoi sin agus beidh a fhios ag an agallóir cé acu atá siad dáiríre faoi sin nó nach bhfuil.

Nuair a thagann na fíricí ar fad chun solais agus nuair a léitear ar ais iad do na daltaí atá faoi agallamh, go háirithe an méid a fuarthas amach ón seicliosta, bíonn an-iontas orthu uaireanta faoin méid bulaíochta a bhí i gceist agus bíonn siad sásta glacadh leis gur bulaíocht a bhí ann fiú mura raibh sé sin i gceist acu. Cé go bhfuil seans ann go bhfuil a fhios acu cheana féin céard is bulaíocht ann ó chleachtaí múscaillte feasachta, ní éiríonn le roinnt daltaí ceangal a dhéanamh idir an méid atá ar eolas acu go teoiriciúil agus an méid a dhéanann siad. Dealraíonn sé gurb é is cúis leis sin uaireanta ná go maireann siad i "nóiméid" bheaga comhfhiosachta a ndéanann siad dearmad orthu ansin agus, dá bhrí sin, nach bhfeiceann siad an patrún a nascann a n-iompar ó nóiméad go chéile. Is minic a chuireann siad fíoraiféala in iúl agus is minic a ghabhann siad a leithscéal leis an agallóir. Sa chás sin is féidir le hagallóir an cheist seo a chur: "An gceapann tú gur chóir an leithscéal sin a ghabháil le duine éigin eile?" (Uaireanta, níos déanaí, déarfaidh an dalta a bhí ina sprioc, agus iontas agus faoiseamh air/uirthi, leis an mball foirne gur gabhadh an leithscéal agus go bhfuil síocháin i réim arís). Mar sin is cleachtadh múscaillte feasachta an-éifeachtach ann féin é an t-agallamh dóibh siúd is mó a dteastaíonn sé uathu.

Seicliosta ar Iompar Bulaíochta: Liostaíonn **Lch 3 (b)** cineálacha iompar bulaíochta agus iad grúpáilte faoi cheannteidil éagsúla atá in úsáid sa mhír *Tools – Awareness Raising* ar ár suíomh. (Is féidir le scoileanna an liosta seo a chur in oiriúint dá gcuid riachtanas féin.) I gcás gach ní atá liostaithe, cuirtear ceist ar an duine a bhfuil bulaíocht curtha ina leith an ndearna sé é. D'fhéadfaí soiléiriú nó samplaí a iarraidh orthu i ndáil le ceann ar bith dá gcuid freagraí. Ag deireadh an chuid seo den agallamh, ba chóir go mbeadh léargas an-soiléir ag an mball den fhoireann frithbhulaíochta ar mhéid na bulaíochta a bhí ar siúl (má bhí bulaíocht ar bith ar siúl) agus ba chóir go mbeadh sé/sí in ann filleadh ar Lch 3 (a), *Bileog agallaimh*

maidir le bulaíocht atá curtha i leith dalta, chun an t-agallamh a chríochnú.

CÉIM 4 – RÉITEACH

Foirm: Gealltanais Iompraíochta an Dalta (Lch 4 (a)): Ar deireadh, ofráiltear réiteach ar an bhfadhb iomlán do dhaltaí a bhí i mbun bulaíochta. Iarrtar orthu gealltanais sollúnta scríofa a shíniú, gealltanais a shíneoidh an t-agallóir freisin agus a chuirfidh de cheangal orthu caitheamh go cóir measúil feasta leis an dalta a bhí ina sprioc (Lch 4 (a) nó 4 (b), ag brath ar cé chomh tromchúiseach is a bhí an bhulaíocht agus ar an stair an bhain leis an gcás srl). Cuid den fhoirm ghealltanais, is foirm chaighdeánach í ina gcuirtear in iúl an ceart atá acu féin agus ag gach duine eile go gcaithfí leo le cothrom le Féinne, le comhionannas agus le meas. Ina dhiaidh sin tá: "*Geallaim dá bharr sin go gcaithfidh mé go cóir cothrom measúil leis na daltaí eile go léir amach anseo, in ainneoin ár gcuid difríochtaí agus fiú mura dtaitníonn siad liom. Go háirithe . . .*" lena gcuireann an t-agallóir, de láimh agus i mbloclitreacha, i láthair an duine a bhí i mbun bulaíochta, "*Caithfidh mé go cóir measúil le A (ainm an dalta a bhí ina sprioc) i gcónaí.*" Ansin síníonn an t-agallóir an fhoirm, cuireann sé/sí dáta léi agus tugann sé/sí an fhoirm don dalta a bhí i mbun bulaíochta lena síniú. Is é an dea-scéal ná seo: nuair a shíníonn siad an fhoirm seo, i gcomhthéacs na múscaillte feasachta ar an mbulaíocht sa scoil agus i gcomhthéacs an bhailithe eolais a tharla roimhe seo, éiríonn leis seo sa chuid is mó de chásanna – tagann deireadh leis an mbulaíocht go buan agus ní chruthaíonn siad fadhb ar bith eile don dalta a bhí ina sprioc.

Foirm: Gealltanais Iompraíochta an Dalta agus Tuismitheora: Foirm ghealltanais den sórt céanna atá ar **Lch 4 (b)** ach go bhfuil áit ar an bhfoirm seo le haghaidh síniú ó thuismitheoir nó ó chaomhnóir. Nuair a bheidh agallamh críochnaithe, is féidir an fhoirm ghealltanais seo a úsáid in áit Lch 4 (a). D'fhéadfadh sé sin tarlú: (a) má bhí an bhulaíocht thar a bheith tromchúiseach, (b) murar chomhoibriú an dalta go hiomlán leis an agallóir i gcaitheamh an agallaimh (e.g. ag iarraidh milleán a sheachaint nó na fíricí a shéanadh), nó (c) má bhí an dalta i mbun bulaíochta cheana ar an dalta sin nó ar dhaltá eile. Daltaí a rinne bulaíocht cheana agus atá faoi agallamh maidir le bulaíocht den dara huair, ní chuirfidh an scoil aon phionós orthu fós ach ba chóir rabhadh láidir a thabhairt dóibh. Seo sampla den rabhadh a thabharfaidh an t-agallóir ag

deireadh an dara hagallamh, nuair a bheidh an dara gealltanais sínithe ag an dalta (caithfidh tuismitheoir nó caomhnóir é sin a shíniú freisin):

"A (A), dá mbrisfeá an dara gealltanais seo go n-éireoidh tú as an mbulaíocht, bheadh sé thar a bheith tromchúiseach ar na cúiseanna seo a leanas:

- Bheifeá ag briseadh dhá ghealltanais scríofa. Chiallódh sé sin go mb'fhéidir nach féidir linn tú a chreidiúint ná muinín a chur ionat a thuilleadh
- Bheifeá ag briseadh gealltanais a shínigh do thuismitheoir nó do chaomhnóir, rud a d'fhéadfadh an-náire a chur uirthi/air
- Léireodh sé nach mian leat cloí le rialacha frithbhulaíochta na scoile trí chothrom na Féinne a thabhairt do dhaoine eile in ainneoin go bhfuil sé de cheart ag gach duine go dtabharfaí cothrom na Féinne dó/di, tú féin san áireamh,
- Léireodh sé nach bhfuil tú ag iarraidh an chosaint shéimh a thugann cód frithbhulaíochta na scoile duit, cód atá bunaithe ar 'easpa milleáin' agus a thugann an dara seans duit (an chéad ghealltanais) agus, fiú, an tríú seans (an dara gealltanais a shínigh tú inniu) maidir le bulaíocht ach gurbh fhearr leat go ndéileálfaí leat de réir Chód Iompair na scoile, agus na pionóis a bhaineann leis sin a fhulaingt.
- Léireodh sé gur beag meas a bhí agat (a) ar dhaltaí eile agus ar an gcaoi a gcaitheann tú leo, (b) ar an ngealltanais a shínigh do thuismitheoir(i) nó do chaomhnóir(i), (c) ar an ngealltanais a shínigh tú féin, (d) ar do cháil féin mar dhuine macánta, (e) ar chlár frithbhulaíochta na scoile.

Mar sin ná bris an dara gealltanais seo le do thoil. Nuair a thugann tú an fhoirm ghealltanais ar ais dom agus í sínithe ag do thuismitheoir / do chaomhnóir, comhlíon an gealltanais le do thoil. Má dhéanann tú bulaíocht go brách arís ar aon dalta sa scoil seo, beidh an gealltanais briste agat agus d'fhéadadh na nithe seo a leanas tarlú:

- D'fhéadfaí cruinniú a reáchtáil. Is iad na daoine a bheadh ag freastal ar an gcruinniú sin ná Príomhoide na scoile, do thuismitheoir(i) / do chaomhnóir(i), comhordaitheoir frithbhulaíochta na scoile agus tú féin.
- Ag an gcruinniú sin, léifear amach os a gcomhair ar fad sonraí an chéad agallaimh tráth a raibh tú tar éis bulaíocht a dhéanamh ar (A). Dá gcomhlíonfá do chéad ghealltanais, ní scaoilfí amach na sonraí sin go brách.

- *Ag an gcruinniú sin léifear amach os a gcomhair ar fad sonraí an dara hagallamh freisin, sonraí a léireoidh go ndearna tú bulaíocht ar A2 in ainneoin gur shínigh tú gealltanais nach ndéanfa bulaíocht arís.*
- *Ag an gcruinniú sin d'fhéadfadh an Príomhoide cinneadh a dhéanamh ansin maidir leis an bpíonós, ag úsáid Chód Iompair na Scoile. D'fhéadfaí tú a chur ar fionraí ón scoil ar feadh roinnt mhaith laethanta, le méid mór obair bhaile scríofa chun tú a choinneáil gnóthach ar feadh an lae ar fad gach lá m.sh. ag freagairt ceisteanna scrúduithe. Chaithfí an Bord Bainistíochta a chur ar an eolas faoi sin freisin agus chuirfí é ar do thaifead scoile.*
- *D'fhéadfaí go ndéarfaí le do thuismitheoirí/caomhnóirí ag an gcruinniú seo nach mbeadh áit sa scoil seo duit má dhéanann tú bulaíocht arís agus go mba cheart duit tosú ag machnamh anois faoi scoil nua duit féin.*

Tá an-chumhacht ag baint leis an rabhadh sin. Ag an dara leibhéal, i gColáiste Éanna, tar éis an rabhaidh sin, ba bheirt é an líon ba mhó riamh a bhris an dara gealltanais, as measc níos mó ná daichead fiosrúchán i ngach bliainghrúpa i rith scoilbhliain iomlán. Thug sé sin a lán faoisimh do mhórán daltaí ar ndóigh. I ngach cás inar briseadh an dara gealltanais, tharla cruinniú cosúil leis an gceann a ndéantar cur síos air thuas, thug gach duine gealltanais agus níor tharla an bhulaíocht riamh arís.

(Sna trí bliana ó mhí Mheán Fómhair 2009 go Meitheamh 2012, agus an clár múscaillte feasachta agus an cur chuige 'Athrú seachas Milleán' neadaithe go dlúth sa scoil, níor bhris duine ar bith an dara gealltanais, agus mar sin, níor ghá cruiniú, mar a luaitear thuas, a reachtáil riamh.)

-

CRÍOCHNAIGH

Céim Riachtanach 1 (b) – An fhoirm le haghaidh bearta a rinneadh.

Foirm atá ar **Lch 1 (b)** ar a ndéanann ball den fhoireann frithbhulaíochta taifead gearr ar dhul chun cinn fiosrúcháin. Is fearr é sin a dhéanamh de réir mar a tharlaíonn sé. Is iondúil go mbíonn na foirmeacha seo cóipeáilte ar chúl *Foirm Tuairisce na hEachtra* roimh ré. Nuair atá fiosrúchán thart agus an cás réitithe go hiomlán, críochnaíonn an ball foirne an fhoirm seo faoi dheireadh agus cuireann sé/sí a (h)ainm léi.

ATHSHLÁNÚ

Ráiteas tionchair ó dhalta a ndearnadh bulaíocht air/uirthi:

Tá sé i gceist go mbainfear úsáid as **Lch 2 (i)** tamall tar éis don chás bulaíochta a bheith réitithe ach taobh istigh den scoilbhliain chéanna – i dtreo dheireadh na scoilbhliana, b'fhéidir. Tá dhá chuspóir leis sin. An chéad chuspóir ná go dtugann sé deis do dhaltaí a bhí ina sprioc machnamh a dhéanamh ar an mbulaíocht ar bhealach níos fuarchúisí, a thuiscint gur éagóir orthu a bhí i gceist agus gur ghoill sé sin orthu ag an am, fearg a chur in iúl más mian leo in áit í a chur faoi chois agus a aithint gur tháinig siad slán agus gur féidir leo teacht slán as an mbulaíocht. An dara cuspóir ná go gcuireann sé ar a súile dóibh go bhfuil sé ceart go leor féachaint siar ar an gcás bulaíochta agus anailís a dhéanamh air in áit a bheith ag séanadh gur tharla sé riamh. Tá fianaise ann gur minic nach dtagann an damáiste a rinne bulaíocht ar scoil chun cinn go dtí níos déanaí, agus iad ina ndaoine fásta, b'fhéidir. An chúis atá leis sin, b'fhéidir, ná gur ghoill an bhulaíocht chomh mór sin ar an dalta ag an am agus gur bhain sí an bonn uaidh/uaithe chomh mór sin go séanann sé/sí gur tharla an bhulaíocht agus nach ndéileálann sé/sí léi ar chor ar bith. Tá súil go mbeidh an feachtas frithbhulaíochta leanúnach ar scoil tar éis cabhrú cheana féin chun an claonadh sin a chosc trí dhul i ngleic le bulaíocht mar rud a bhfuil a fhios ag an saol go bhfuil sí ag tarlú, oibriú i dtreo í a chosc agus tacaíocht a thabhairt dóibh siúd a ndéantar bulaíocht orthu. Sa chleachtadh seo féachtar le sin a atreisiú agus ligean don dalta a bhí ina sprioc déileáil leis an gcás i dtimpeallacht atá sábháilte, le tacaíocht ón gcomhordaitheoir frithbhulaíochta. B'fhéidir, fiú amháin, go gcuirfidh sé seo deireadh sásúil le tréimhse dheacair i saol an dalta.

The Board of Management of Gaelscoil Adhamhnáin has adopted the following policy to prevent and address bullying behaviour. This policy fully complies with the requirements of Bi Cineálta: Procedures to Prevent and Address Bullying Behaviour for Primary and Post-Primary Schools 2024.

The board of management acknowledges that bullying behaviour interferes with the rights of the child as set out in the United Nations Convention on the Rights of the Child. We all, as a school community, have a responsibility to work together to prevent and address bullying behaviour and to deal with the negative impact of bullying behaviour.

Ireland ratified the United Nations (UN) Convention on the Rights of the Child in September 1992. In doing this we committed to promote, protect and fulfil the rights of children. Bullying is a children's rights issue.

We are committed to ensuring that all students who attend our school are kept safe from harm and that the wellbeing of our students is at the forefront of everything that we do. We recognise the negative impact that bullying behaviour can have on the lives of our students, and we are fully committed to preventing and addressing bullying behaviour.

We confirm that we will, in accordance with our obligations under equality legislation, take all such steps that are reasonably practicable to prevent the harassment of students or staff on any of the nine grounds specified: gender, civil status, family status, sexual orientation, religion, age, disability, race and membership of the Traveller community.

Definition of bullying

- Bullying is targeted behaviour, online or offline, that causes harm.

- The harm caused can be physical, social and/or emotional in nature and can have lasting effects on the child experiencing the behaviour.
 - Bullying behaviour is repeated over time and involves an imbalance of power in relationships between two people or groups of people in society.
 - It is behaviour which is deliberate in nature and is unwanted. It is not accidental or reckless behaviour.
-
- The harm can be:
 - Physical (e.g.: personal injury, damage to or loss of property)
 - Social: (e.g.: withdrawal, loneliness, exclusion)
 - Emotional: (eg: low self-esteem, depression, anxiety)

A one-off instance of negative behaviour towards a student is not bullying behaviour. However, a single hurtful message posted on social media can be considered bullying behaviour as it may be visible to a wide audience and has a high likelihood of being shared multiple times and so becomes a repeated behaviour.

Behaviour that is not bullying behaviour:

- If the repeated harm is real for the student experiencing the behaviour, but unintended by the other student, this is not bullying, but, importantly, must be addressed under the school 's code of behaviour.
- Some students with special educational needs may have social communication difficulties which may make them communicate their needs through behaviours that can hurt themselves or others. It is important to note that these behaviours are not deliberate or planned, but in certain situations, they are an automatic response which they cannot control.
- Disagreement between students is not considered bullying unless it involves deliberate and repeated attempts to cause distress, exclude or create dislike by others.

Types of Bullying:

There are many different types of bullying behaviour. These can include directing bullying at someone focused on the following: disability, exceptional ability, gender identity, LGBTQ+, physical appearance, racism, poverty status, religious identity, sexism and sexual harassment. This is not an exhaustive list.

Bullying can be :

Direct:

- Physical: pushing, shoving, punching, kicking, poking and tripping students. Physical assault. Destruction of personal property.
- Verbal: continual name calling which insults, humiliates the student - this may refer to physical appearance, size, clothes, gender, accent, academic ability, race or ethnic origin.
- Written: Writing insulting remarks in public places, passing notes or drawings about the student.
- Extortion: where something is obtained through force or threats

Indirect:

- Exclusion: where a student is deliberately and repeatedly isolated, excluded or ignored by a student or group of students.
- Relational: Where a student's attempts to form friendships with peers are repeatedly rejected or undermined, threats, non-verbal gesturing, malicious gossip, spreading rumours, silent treatment and manipulation of friend groups etc can all form relational bullying for a student.

Online bullying behaviour:

Cyberbullying is carried out via text, direct messaging/instant messaging, social media platforms, e-mail, apps, digital gaming sites, gaming consoles, chat rooms and other online technologies. As this behaviour happens at home and is outside the remit of the school, it may be a matter for the Gardai in some circumstances.

This can include:

- Sending or sharing of insulting and offensive or intimidating messages or images via online means as mentioned above.
- Posting information which is personal, private or sensitive without consent.
- Making and/or participating in fake profiles on a social network to impersonate and/or humiliate other students.
- Exclude/disrupt access to a student on purpose on online chat groups/ access to accounts/from an online game.

Each school is required to develop and implement a Bí Cineálta policy that sets out how the school community prevents and addresses bullying behaviour. Strategies to deal with inappropriate behaviour that is not bullying behaviour are provided for within the schools's Code of Behaviour.

Development/review of our Bí Cineálta policy to prevent and address bullying behaviour

All members of our school community were provided with the opportunity to input into the development/review of this policy.

	Date Consulted	Consultation
School Staff	February 2025	Half Day Inservice on February 19th. Staff Meetings - staff provided with the opportunity to discuss the new Bi Cineálta action plan and stemming from this discussion, staff were informed of the important points in dealing with an incidence or report of bullying. Documents and draft policy shared and discussed. Sharing of draft policy with staff to discuss / consult and make any amendments
Students	April 2025	Students were given a questionnaire to seek their input in developing an Anti-Bullying policy in Child Friendly Format - their wording, examples and suggestions were all taken into account when drafting this Policy.
Parents	May 2025	Feedback sought from parents with questionnaire. Parents Committee updated and feedback received.
Board of Management	June 2025	Bí Cinealta policy shared with Board of Management. Ratification of policy will be concluded during first formal meeting in September 2025
Date policy was approved	September 2025	
Dates policy was reviewed		

Dealing with Incidents of Bullying

Gaelscoil Adhamhnáin uses the guidance and documents in Irish available at [antibullyingcampaign.ie](https://www.antibullyingcampaign.ie) to investigate and resolve incidents. All the documents are kept in the principal's office and are available to teachers. The documents can be viewed in this policy under Appendix 1 above. The full document can be viewed in English at <https://www.antibullyingcampaign.ie/primary-level-tools/strand-2>

